Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**6542/25**

**POLCOM 37**
**COMER 23**
**DELACT 14**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Feabhra 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 1148 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 25.2.2025 Iena leasaítear Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le forálacha sonracha atá sa Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Síle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 1148 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 1148 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.2.2025
C(2025) 1148 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 25.2.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le forálacha sonracha atá sa Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Síle**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is minic a thugann an tAontas Eorpach comhaontuithe trádála i gcrích le tríú tíortha, comhaontuithe lena dtugann sé cóireáil fhabhrach do na tíortha sin. I measc na gcomhaontuithe sin tá an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Síle ('An Comhaontú idir an tAontas agus an tSile:'), ina bhfuil clásail coimirce déthaobhaí.

Le Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Feabhra 2019 ('an Rialachán Coimircí Déthaobhacha') cuirtear chun feidhme clásail coimirce déthaobhaí agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha. I gcás ina bhfuil forálacha sonracha i gcomhaontuithe trádála áirithe, ar forálacha iad nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán Coimircí Déthaobhacha, ba cheart na forálacha sonracha sin a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

Tá forálacha sonracha den sórt sin maidir le coimircí déthaobhacha sa Chomhaontú idir an tAontas agus an tSíle agus, dá bhrí sin, is gá an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Coimircí Déthaobhacha a leasú dá réir trí na forálacha sin a liostú.

Le hAirteagal 15 den Rialachán Coimircí Déthaobhacha tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú.

### 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMHGHLACADH AN GHNÍMH

De bhun mhír 4 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, rinneadh comhairliúchán iomchuí trédhearcach. Ní gá aon chomhairliúchán breise le páirtithe leasmhara ná le páirtithe leasmhara a dhéanamh, ná measúnú tionchair a ullmhú ach oiread.

### 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 15 den Rialachán Coimircí Déthaobhacha tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú d'fhonn iontrálacha a chur isteach a bhaineann le clásail coimirce déthaobhaí shonracha nó le sásraí eile lenar féidir fabhair tharaife nó cóireáil fhabhrach eile a aistarraingt go sealadach sna comhaontuithe trádála a tugadh i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tír amháin nó níos mó agus nach bhfuil siad i gcomhréir leis an Rialachán Coimircí Déthaobhacha. Leasófar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Coimircí Déthaobhacha chun forálacha sonracha atá sa Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Síle a liostú.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25.2.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le forálacha sonracha atá sa Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Síle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Feabhra 2019 lena gcuirtear chun feidhme clásail coimirce déthaobhaí agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha[1], agus go háirithe Airteagal 15 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/287 lena leagtar síos forálacha maidir le cur chun feidhme clásal coimirce dhéthaobhach agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tír amháin nó níos mó. Tá feidhm ag forálacha Rialachán (AE) 2019/287 gan dochar d'aon fhoráil shonrach atá sna comhaontuithe trádála sin, i gcás nach bhfuil na forálacha sin i gcomhréir leis an Rialachán sin. Tá na forálacha sonracha sin atá i gcomhaontuithe trádála áirithe liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287.

(2) Tá Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil[2] tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach agus ag an tSíle ina bhfuil Coimircí Déthaobhacha nach bhfuil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/287. Dá bhrí sin, ba cheart tagairtí do na forálacha sin a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Dé réir sin, chun trédhearcacht agus inléiteacht a áirithiú, ba cheart na forálacha sin a chur isteach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo leis an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

1 IO L 53, 22.2.2019, lch. 1.

2 IO L 2024/2953, 20.12.2024

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25.2.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*